

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Doiciméad ina ndéantar cur síos ar na cúiseanna a d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag duine teacht ar ROS nuair atá siad ag feidhmiú an chórais Nua-Aoisithe ÍMAT, lena n-áirítear treoir chun cabhrú le dul i ngleic le deacrachtaí den chineál sin nuair a thagtar orthu.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá [roinnt bealaí ann chun do phárolla a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim](#). Tá an chuid is mó d'fhostóirí/gníomhairí ag baint úsáide as an gcumas párolla dhírigh ina bpacáistí párolla chun párolla a thuairisciú go rathúil do na Coimisinéirí Ioncaim. Tá daoine eile ag roghnú an rogha uaslódáil / íoslódáil comhad nó na roghanna iontrála láimhe a úsáid. Is cuma cé acu ceann do rogha, is gá duit nó do do ghníomhaire párolla [deimhniú digiteach ROS](#) a bheith agaibh chun cumarsáid a dhéanamh le seirbhísí ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

Bunaithe ar aiseolas ó fhostóirí agus gníomhairí, is éard a leanas seo ná cúiseanna féideartha le deacrachtaí ag daoine teacht ar ROS nuair atá siad ag feidhmiú an chórais Nua-Aoisithe ÍMAT. Ina theannta sin, cuirtear faisnéis chúlra agus treoir ar fáil chun cabhrú le dul i ngleic leis na deacrachtaí seo.

1. Sainaithin an bhfuil an deacracht leis an deimhniú digiteach ROS nó leis an bpacáiste párolla.

Chun a sheiceáil an bhfuil do dheimhniú digiteach ROS bailí agus ag obair, bain úsáid as an teastas digiteach chun logáil isteach i ROS:

Má tá tú in ann logáil isteach ar ROS gan deacracht, ciallaíonn sé sin go bhfuil an deimhniú digiteach do d'fhíorú agus go bhféadfaidh sé go mbaineann an deacracht leis an gcaoi a lódáiltear an deimhniú digiteach nó leis an gcaoi a n-úsáideann an pacáiste párolla é. Chun na deacrachtaí seo a réiteach, féach míreanna 2 go 6 thíos.

Mar thástáil bhreise chun a dheimhniú go bhfuil do dheimhniú digiteach agus do ROS ag feidhmiú i gceart, b'fhéidir gur mhaith leat Logáil isteach i ROS leis an deimhniú digiteach sin agus úsáid a bhaint as an rogha "Iarr fógraí FPCI le Foirm ar Líne" chun fógraí FPCI a íoslódáil do gach fostaí. Má tá ag éirí leat logáil isteach agus na fógraí FPCI a íoslódáil, féadfaidh sé sa chás sin go luíonn an deacracht leis an mbogearra párolla agus ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí bogearraí párolla.

Mura bhfuil tú in ann rochtain a fháil ar do dheimhniú digiteach nó mura bhfuil tú in ann logáil isteach i ROS, féach míreanna 7 go 11 thíos chun na deacrachtaí seo a réiteach.

Deacrachtaí a bhíonn ann agus pacáiste párolla á úsáid.

2. Ní fhéadtar deimhniú digiteach a aimsiú le hiompórtáil isteach sa phacáiste párolla

- Ligeann an chuid is mó de na pacáistí párolla a thacaíonn le Tuairisciú Díreach duit cóip den deimhniú digiteach a iompórtáil isteach sa phacáiste párolla. Éilíonn cuid de na pacáistí seo go mbeadh an teastas digiteach i gcomhad leis an síneadh .p12
- Mura bhfuil tú in ann teacht ar do dheimhniú digiteach, lean na treoracha le haghaidh '**Gan a bheith in ann an deimhniú a aimsiú**' sa doiciméad ar líne <https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/documents/ros-help/issues-using-ros-certificates-in-payroll-packages.pdf>

3. Taispeánann do phacáiste párolla teachtaireacht "Níl pasfhocal ceart" nó "tá deimhniú digiteach imithe in éag"

- Seiceáil go bhfuil tú ag iompórtáil an deimhniú digiteach ceart ach na treoracha a leanúint le haghaidh '**Gan a bheith in ann an deimhniú a aimsiú**' sa doiciméad <https://www.revenue.ie/ga/online-services/support/documents/ros-help/issues-using-ros-certificates-in-payroll-packages.pdf> le cinntiú go bhfuil tú ag iompórtáil an deimhniú ceart.
- Má tá tú sásta gur féidir leat logáil isteach i ROS ag baint úsáide as an deimhniú digiteach agus gur iompórtáil tú an deimhniú digiteach ceart isteach i do phacáiste párolla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí bogearraí párolla.

4. Tá tú ag baint úsáid as deimhniú digiteach gníomhaire (TAIN) agus tá deacrachtaí agat, san áireamh an teachtaireacht “níl na ceadanna cuí ag an deimhniú digiteach “

- Más teastas digiteach gníomhaire atá in úsáid agat, ní mór duit TAIN a shonrú. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí párolla mura bhfuil an rogha seo ar fáil i do phárolla.
- Seiceáil gur iompórtáladh an deimhniú digiteach mar dheimhniú digiteach gníomhaire agus gur sonraíodh an TAIN nuair a iompórtáladh é. Féach ar dhoiciméadacht na mbogearraí párolla maidir le conas deimhniú digiteach gníomhaire a iompórtáil agus an deimhniú digiteach a ath-iompórtáil agus do TAIN a shonrú. B'fhéidir go mbeidh ort d'uimhir TAIN a ionchur freisin do gach cliant i do phacáiste párolla.
- Má tá tú sásta gur féidir leat logáil isteach i ROS ag baint úsáide as an deimhniú digiteach agus gur iompórtáil tú an deimhniú digiteach ceart isteach i do phacáiste párolla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí bogearraí párolla.

5. Nuair a iarrtar fógraí FPCI, tugann an pacáiste párolla earráidí amhail “Error 400, bad request” nó “1014, unauthorised request”

- Bain úsáid as na céimeanna atá leagtha amach i mír 1 thuas chun a dheimhniú go bhfuil do dheimhniú digiteach bailí agus gur féidir leat an deimhniú digiteach a úsáid chun logáil isteach i ROS.
- De ghnáth, léiríonn na teachtaireachtaí earráide seo deacracht leis an bpacáiste párolla agus ba chóir iad a atreorú chuig do sholáthraí párolla.
- Tugann an pacáiste párolla rabhadh nár nuashonraíodh an tíolacadh párolla nó gur tháinig deacracht chun cinn agus an tuairisceán á chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim.
- Chun a dheimhniú go bhfuair na Coimisinéirí Ioncaim do thíolacadh, ba chóir duit logáil isteach i ROS agus dul go ‘Amharc ar phárolla’ ar an gcluaisín “Seirbhísí d'Fhostóirí”. Ansin beidh tú in ann athbhreithniú a dhéanamh ar gach tíolacadh a fuair na Coimisinéirí Ioncaim.
- Má tá difríocht idir an fhaisnéis a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim agus an fhaisnéis a sheol do phacáiste párolla, féach ar threoracha do phacáiste párolla.

6. Tugann an pacáiste párolla rabhadh nár nuashonraíodh an tíolacadh párolla nó gur tháinig deacracht chun cinn agus an tuairisceán á chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

- Chun a dheimhniú go bhfuair na Coimisinéirí Ioncaim o thíolacadh, ba chóir duit logáil isteach i ROS agus dul go ‘Amharc ar phárolla’ ar an gcluaisín “Seirbhísí d'Fhostóirí”. Ansin beidh tú in ann athbhreithniú a dhéanamh ar gach tíolacadh a fuair na Coimisinéirí Ioncaim.
- Má tá difríocht idir an fhaisnéis a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim agus an fhaisnéis a sheol do phacáiste párolla, féach ar threoracha do phacáiste párolla.

Deacrachtaí a bhíonn ann le Deimhnithe digiteacha.

7. Deacrachtaí ag fo-úsáideoirí nó ag deimhnithe nasctha lena n-áirítear ceadanna deimhnithe.

- Féadtar dul i ngleic le deacrachtaí a bhíonn ag [fo-úsáideoirí nó ag deimhnithe nasctha](#) ach teagmháil a dhéanamh le do riarthóir ROS chun fo-dheimhniú athsholáthair a iarraidh.
- Má tá tú ag úsáid deimhniú fo-úsáideora ROS chun críocha párolla, logáil isteach i ROS agus cinntigh gur féidir leat rochtain a fháil ar na roghanna riachtanacha go léir ar líne. Mura bhfuil an rochtain riachtanach ar líne agat, iarr ar do riarthóir ROS do cheadanna deimhnithe a sheiceáil. Tá na treoracha iomlána ar fáil in [Conas fo-úsáideoir a chur ar bun le haghaidh seirbhísí fostóra](#) agus [Ceadanna fo-úsáideora agus gníomhaire do sheirbhísí fostóra](#)

8. Tá an pasfhocal riarthóra ROS dearmadta, nó tá an deimhniú digiteach riarthóra ROS cailte.

- Lean na [treoracha ROS](#) chun iarracht a dhéanamh an “Logáil Isteach le haghaidh ROS a athshocrú” chun Deimhniú digiteach nua a fháil.
- Mura bhfuil tú in ann an logáil isteach ROS a athshocrú, cuir ríomhphost chuig roshelp@revenue.ie agus iarr go ndéanfaí an deimhniú a aisghairm agus a atheisiúint. Cuimhnigh d’uimhir chlárúcháin fostóra a chur san áireamh.

Tabhair do d’aire, go bhféadfadh sé seo roinnt laethanta a thógáil agus go gcuirfear ar fionraí gach fo-úsáideoir (lena n-áirítear imréiteach custaim más infheidhme é seo duit), déan teagmháil le Deasc Chabhrach Theicniúil ROS le haghaidh tuilleadh cúnaimh.

9. Taispeánann ROS an teachtaireacht earráide - tá an deimhniú digiteach imithe in éag,

- Lean na [treoracha ROS](#) chun iarracht a dhéanamh an “Logáil Isteach le haghaidh ROS a athshocrú” chun Deimhniú digiteach nua a fháil.
- Mura bhfuil tú in ann an Logáil Isteach ROS a athshocrú, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar dheimhniú digiteach athsholáthair. Comhlánaigh Céim 1 de [Chlárú le haghaidh ROS](#)).

Tabhair do d’aire: Féadfaidh sé go dtógfaidh sé seo roinnt laethanta – Má theastaíonn deimhniú digiteach ROS athsholáthair uait go práinneach, seol ríomhphost chuig roshelp@revenue.ie leis na sonraí

10. Tá tú in ann logáil isteach ar ROS, ach níl tú in ann “Tíolaic Párolla” a fheiceáil sa rannán “Seirbhísí d’Fhostóirí”

- Tá do theastas digiteach tar éis thú a logáil isteach go rathúil, ach tá do rochtain ag cur srian ort párolla a chur isteach.
- Más fo-úsáideoir thú nó má tá deimhniú digiteach nasctha in úsáid agat, déan teagmháil le do riarthóir ROS
- Mura bhfuil tú cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim mar fhostóir, lean na céimeanna chun [clárú mar fhostóir](#). Ba chóir féachaint chomh maith ar [eolas d’fhostóirí](#) chun eolas a fháil ar do dhualgais chánach nuair a fhostaíonn agus nuair a íocann tú fostaithe agus nuair a thagann deireadh le fostaíocht.

11. Ní fhéadtar logáil isteach ar ROS

- Mura ndéantar cur síos ar do dheacracht i míreanna 7-11 thuas, féadtar tuilleadh eolais a fháil ar an [suíomh cabhrach ROS](#) é sin nó déan teagmháil leis an Deasc Chabhrach Theicniúil ROS ar +353 1 738 3699 nó trí ríomhphost chuig roshelp@revenue.ie